

COMÓRTAS
COMÓRTAS LE HAGHAIDH GARDAÍ FAOI OILIÚINT
A ROGHNÚ
2018



NÓTAÍ D'IARRTHÓIRÍ
AGUS
COINÍOLLACHA SEIRBHÍSE

LE DEA-MHÉIN
DEN
CHOIMISINÉIR AN GHARDA SÍOCHÁNA

TÚS

Cuireadh tús le Póilíneacht eagraithe in Éirinn in 1822 nuair a bunaíodh Constáblacht na hÉireann. Tugadh an teideal Constáblacht Ríoga na hÉireann sa bhliain 1867. Cuireadh deireadh le Constáblacht Ríoga na hÉireann sa bhliain 1922 nuair a bunaíodh Saorstát na hÉireann. Bunaíodh an Garda Síochána i mí Feabhra 1922. Bunaíodh Póilíní Chathair Bhaile Átha Cliath in 1836 agus nascadh iad leis an Gharda Síochána i 1925.

1. Struchtúr agus Eagraíocht

Tá Ceanncheathrú an Gharda Síochána lonnaithe i bPáirc an Fhionnuisce, Baile Átha Cliath 8. Ceapann an Rialtas Coimisinéir an Gharda Síochána agus tá sé/sí freagrach as treoir agus rialú an Gharda Síochána. Tá an Coimisinéir freagrach don Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais atá freagrach é/í féin don Rialtas as slándáil agus póilíneacht an Stáit. Tugann beirt Leas-Choimisinéir agus Príomhoifigeach Riaracháin tacaíocht don Choimisinéir. Tá roinnt Coimisinéirí Cúnta freisin i gceannas ar Réigiúin chomh maith le roinnt eile a bhfuil freagracht acu as cúraimí fíor-thábhachtacha ar nós Slándáil agus Eolas, Oibríochtaí Speisialta Coireanna, Bóithre, Póilíneacht agus Bainistíocht ar Eachtraí Móra, Rialachas agus Cuntasacht, Tacaíocht Feidhmiúcháin agus Seirbhísí Corparáideacha, Teagmháil leis an Phobal agus Sábháilteacht an Phobail. Tá roinnt Stiúrtóirí Feidhmiúcháin sibhialta atá freagrach as Acmhainní Daonna agus as Daoine a Fhorbairt, Airgeadas & Seirbhísí agus Teicneolaíocht Eolais agus Cumarsáide.

Eagraíocht atá bunaithe sa phobal is ea an Garda Síochána agus tá os cionn 15,200 Garda agus Sibhialtach fostaithe. Tá póilíní lonnaithe i ngach contae in Éirinn, ag éisteacht, ag gníomhú agus ag obair leis an phobal.

Is iad na ceithre rang anuas ón Choimisinéir Cúnta:

Ard-Cheannfort
Ceannfort
Cigire
Sáirsint
Garda
Cúltaca an Gharda Síochána

Ar chúiseanna oibríochtúla tá struchtúr na heagraíochta bunaithe ar réigiúin agus tá ceithre réigiún i gceist. Tá gach Réigiún roinnte i Rannóga, agus tá Príomh-Cheannfort i gceannas ar gach Rannóg. Tá gach Rannóg roinnte i gCeantair agus Ceannfort i gceannas.

2. Comórtas do Gharda faoi Oiliúint 2018

Tar éis athbhreithniú a rinneadh ar riachtanais foirne, shocraigh an Coimisinéir, i gcomhar leis an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais iarraidh ar an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí (PAS) feachtas earcaíochta a eagrú chun Gardaí faoi Oiliúint a roghnú. Nuair a chríochnófar an próiseas, is féidir go dtabharfar cuireadh d'iarrthóirí ar éirigh leo dul faoi chlár oiliúna i gColáiste an Gharda Síochána, An Teampall Mór, Co. Thiobraid Árann.

3. Coinníollacha Iontrála - Cáilitheacht

Tá cead isteach sa Gharda Síochána rialaithe de réir Rialacháin an Gharda Síochána (Admhálacha agus Ceapacháin), 2013 (cliceáil <http://www.irishstatutebook.ie/eli/2013/si/470/made/en/print>)

Tá cur síos faoi chritéir cháilitheachta thíos, ach tá mionsonraí ar fáil sna Rialacháin maidir le mionriachtanais.

Ní mór d'iarratasóir mar Gharda faoi Oiliúint na nithe seo a chomhlíonadh le bheith i dteideal do roghnú:

- (i) Dea-cháil a bheith ort.
- (ii) Teastas a fháil ó Liachleachtóir Leighis (a ainmníonn an Coimisinéir tar éis dul i gcomhar leis an Aire) a léiríonn go bhfuil dea-shláinte agat, go bhfuil tú folláin agus go bhfuil cumas fisiceach agus meabhrach agat chun dualgais mar bhall den tSeirbhís a chomhlíonadh.
- (iii) Gur éirigh leat i dTriail Inniúlachta Fhisiceach.
- (iv) 18 mbliana déag d'aois a bheith agat ach gan 35 bliain d'aois bainte amach agat faoin 1 Meitheamh 2018, dá bhrí sin ní mór gur rugadh thú idir 7 Meitheamh 1983 agus 6 Meitheamh 2000.
- (v)
 - (a) A bheith i do náisiúnach de Bhallstát an Aontais Eorpaigh, nó
 - (b) A bheith i do náisiúnach de Stát in Aontas Eacnamaíochta na hEorpa nó i gCónaidhm na hEilvéise; **nó**
 - (c) A bheith i do Dhídeanaí faoi Acht na nDídeanaithe, 1996; **nó**
 - (d) A bheith i do chónaí sa Stát ar feadh tréimhse leanúnach aon bhliana ar dháta dúnta an fhógra don chomórtas seo don fholúntas a mbaineann an admháil leis, agus i rith na n-ocht mbliana díreach roimh an tréimhse sin, a bheith i do chónaí ar feadh tréimhse ceithre bliana ar fad sa Stát;
 - (e) Gur tugadh cosaint choimhdeach duit, nó gur ball de chlann dá leithéid thú, de réir Rialacháin um Admhálacha agus Ceapacháin 2013.
- (vi) Na nithe seo agat roimh an dáta dúnta:
 - (a) gur bhain tú Grád D3 ar a laghad amach i gcúig ábhar i scrúdú Ardteistiméireachta na hÉireann ag an ghnáth-leibhéal*, nó
 - (b) Teastas Leibhéal 5 (Bronnadh mór) ar Chreat Náisiúnta na gCáilíochtaí (NFQ), nó
 - (c) cáilíocht aitheanta (ag leibhéal 5 nó níos airde), a aithnítear ar aon chaighdeán leis na cinn thuas i dtaca le leibhéal agus líon na foghlama de réir mar a shocraíonn Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann (QQI)

AGUS

(d) Ní mór cumas cruthaithe a bheith agat in **dhá theanga** agus Gaeilge nó Béarla ar cheann acu sin. Is féidir cumas dá leithéid a chruthú má bhaineann tú na gráid ábhartha amach in Ardteistiméireacht na hÉireann nó i dtaca le Béarla nó Gaeilge, trí mheasúnú a shocróidh an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí. Socróidh an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí (PAS) córas an ábhair agus na marcála a úsáidfear sa mheasúnú (scríofa agus labhartha)

[Clliceáil anseo](#) chun tuilleadh eolais a fháil.

***Ní ghlacfar** le hábhair a tógadh ag an bhonnleibhéal i Scrúdú na hArdteistiméireachta a bheith ar aon chaighdeán maidir le hiarratas ar an chomórtas seo.

I gcásanna áirithe is féidir go nglacfar le Pas san Ardteistiméireacht Fheidhmeach a bheith ar aon chaighdeán leis na Ghnáth-Ardteistiméireacht. Ní mór d'iarrthóirí fosta, cumas cruthaithe a bheith acu in dhá theanga mar atá leagtha amach i 3 (vi) (d) thuas.

Is féidir go ndeimhneoidh an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí (PAS) bailíocht na gcáilíochtaí ach amháin maidir leis an Ardteistiméireacht le Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann (QQI). Níor chóir d'iarrthóirí dul i dteagmháil go díreach le QQI. Is féidir le hiarrthóirí áfach féachaint ar www.naric.ie ina bhfuil comhairle faoi aitheantas acadúil faoi cháilíochtaí acadúla in Éirinn.

(vii) Ní mór do gach iarratasóir aon fhostaíocht roimhe seo a fhágáil sula dtógfar iad isteach i gColáiste an Gharda agus ní féidir leo a bheith ar shos gairme ó fhostaíocht dá leithéid sula dtéann siad isteach.

Riachtanais cháilitheacht a shocrú Tug faoi deara gur féidir nach gcinnteoidh PAS cáilíochtaí/cáilitheacht go dtí an chéim dheireanach sa phróiseas, mar sin i gcás iarrthóirí nach bhfuil na riachtanais iomlána acu roimh dháta dúnta an chomórtais, agus a théann ar aghaidh lena n-iarratas, go bhfuil siad ag cur costais gan ghá orthu féin agus ní thairgfear an post dóibh san fheachtas seo. Is féidir go dtógfar amach as an fheachtas am ar bith, aon iarrthóir nach bhfuil in ann a thaispeáint go bhfuil na cáilíochtaí riachtanacha acu. Ní hionann cuireadh chuig triail nó aon ghné den phróiseas roghnaithe agus go nglacann an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí agus/nó An Garda Síochána leis go bhfuil an t-iarrthóir i dteideal.

4. Sraitheanna Iarratais

Mar chuid den chomórtas earcaíochta seo beidh trí shraith earcaíochta.:

- (i) Ginearálta;
- (ii) Líofacht i nGaeilge agus,
- (iii) Baill de Chúltaca an Gharda atá i dteideal

Má tá siad i dteideal, is féidir le hiarrthóirí iarratas a dhéanamh ar shraith amháin nó níos mó ná sraith amháin,

5. Iarrthóirí atá líofa don tSraith Ghaeilge (Sraith d'Iarrthóirí atá líofa i nGaeilge)

Tá Coimisinéir an Gharda agus An Garda Síochána tiomanta dá ndualgais faoi Acht na dTeangacha Gaeilge a chomhlíonadh. Sa mhéid sin, tá áthas ar Choimisinéir an Gharda a fhógairt gur féidir le daoine a bhfuil Gaeilge líofa acu (agus a chomhlíonann na riachtanais cháilitheachta eile ar fad), iarratas a dhéanamh don Sraith Speisialtachta Ghaeilge.

Beidh ar iarrthóirí ón sraith seo a fhaigheann cuireadh chuig an staid roghnaithe dheiridh roinnt den phróiseas a dhéanamh trí Ghaeilge, .i. agallamh atá bunaithe ar inniúlacht agus triail scríofa i nGaeilge. Ní mór dóibh an caighdeán ceart a bhaint amach sa Ghaeilge, i.e. Level B2 ar a laghad ar [chreat féinmheasúnaithe Europass](#).

Ní mór d'iarrthóirí ón sraith seo a bheith in ann réimse iomlán seirbhísí a sholáthar trí Ghaeilge. Má éiríonn leo, cuirfear iarrthóirí ag obair i gceantair sa Ghaeltacht ar feadh tréimhse, de réir mar a shocróidh Coimisinéir an Gharda Síochána.

6. Sraith do Bhaill de Chúltaca an Gharda atá ag freastal

Tugann baill de Chúltaca an Gharda a n-am go deonach mar thacaíocht don Gharda Síochána sa phobal. Tá oiliúint déanta acu ar roinnt mhaith de na scileanna atá riachtanach le bheith éifeachtach mar bhall lánaimseartha den Gharda Síochána agus a bhfuil taithí bainte amach acu maidir le beartas oibríochta. Mar aitheantas air seo beidh sraith ar leith do bhaill reatha de Chúltaca an Gharda a bhfuil na nithe seo acu roimh an dáta dúnta:

- (i) go bhfuil a dtréimhse phromhaidh comhlíonta acu,
- (ii) gur chomhlíon siad a ndualgais ar chaighdeán sásúil,
- (iii) go ndearna siad 120 uair a chloig ar a laghad sa bhliain in dhá bhliain as na ceithre bliana deiridh a éilíonn tú, **agus**
- (iv) go gcomhlíonann tú na Coinníollacha Iontrála mar atá leagtha amach in alt 3 thuas.

Ba chóir d'iarratasóirí atá i dteideal, iarratas a dhéanamh mar is gnách agus a rá ar an fhoirm gur mian leo iarratas a dhéanamh do Shraith Chúltaca an Gharda ag Freastal. Chun go gcuirí thú faoi mheas don sraith seo, ní mór duit agus tú ag comhlíonadh d'iarratas

- 1) Uimhir Chláraithe Chúltaca an Gharda a thabhairt.
- 2) An Roinn ina bhfuil tú ag freastal inti faoi láthair.

Ní mór d'iarratasóirí a bheith ina mbaill de Chúltaca an Gharda Síochána ag am an cheapacháin mar Gharda faoi Oiliúint le bheith i dteideal faoi Shraith Chúltaca an Gharda. Ní thairgfear ceapachán ón Sraith seo d'iarratasóirí nach bhfuil ina mbaill de Chúltaca an Gharda Síochána.

Eiseofar eolas sa bhreis faoi Fhoirm Dheimhnithe Chúltaca an Gharda chuig iarrthóirí i ríomhphost go luath tar éis an dáta dúnta. Beidh ar iarrthóirí an fhoirm seo a líonadh agus a chur ar ais agus í sínithe ag an Oifigeach Ceantair, chuig Oifig na gCeapachán i gCeannteathrú an Gharda taobh istigh de thréimhse ama áirithe.

Mura gcuireann tú Foirm Dheimhnithe Chúltaca an Gharda isteach taobh istigh den am a luaitear, ní chuirfear d'iarratas do *Shraith Chúltaca an Gharda ag Freastal* faoi mheas a thuilleadh.

7. An Próiseas Iarratais

Gnéithe Praiticiúla

- Bainisteoidh an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí an próiseas iarratais agus na chéad chéimeanna ar son Choimisinéir an Gharda.
- Ba chóir iarratais a dhéanamh ar líne chuig an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí ar a suíomh gréasáin www.publicjobs.ie Moltar d'iarrthóirí gan taibléad / Ipad nó feasa soghluaiste a úsáid le hiarratas a dhéanamh.
- Sula ndéantar iarratas, ní mór d'iarrthóirí “Cuntas Úsáideora” ar www.publicjobs.ie a bheith acu. Mura bhfuil sé déanta cheana ní mór duit clárú mar “**Úsáideoir Nua**” chun do phróifíl a chruthú (cláraigh Cuntas Nua).
- Mura gcuimhníonn tú sonraí do phróifíle, ná cruthaigh an dara próifíl, d'fhéadfadh seo d'iarratas a chur ar ceal.

- Níor chóir do dhaoine nach gcomhlíonann na coinníollacha atá leagtha amach don chomórtas seo, iarratas a dhéanamh mar go gcuirfidh siad trioblóid agus costas orthu féin.

Ceisteanna maidir le hAinm Úsáideora / Pasfhocal

An bhfuil dearmad déanta agat ar do d'ainm úsáideora agus do phasfhocal?

Má tá, cliceáil ar an nasc seo

<https://www.publicjobs.ie/candidateportal/home/forgottenDetails.do>

Conas dul i dteagmháil leis an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí?

Má tá deacracht agat fós le 'Ainm Úsáideora' nó 'Pasfhocal' cuir ríomhphost chuig gardatraine2017@publicjobs.ie ag míniú do dheacrachtaí agus tabhair d'ainm agus do shonraí teagmhála, uimhir theileafóin san áireamh chun gur féidir teagmháil a dhéanamh leat.

Ba chóir d'iarrthóirí a bheith ar an eolas go mbeidh tacaíocht ar fáil le linn uaireanta oifige amháin go dtí an dáta dúnta.

- Bí ar d'aire nach ionann clárú (próifíl a chruthú) agus iarratas a chur isteach. Nuair atá próifíl cruthaithe agat ní mór duit an fhoirm iarratais a fháil, a chomhlíonadh agus a chur isteach.
- Ní mór d'iarrthóirí a seoladh ríomhphoist bailí **féin** a úsáid. Ní ghlacfar le seoltaí ríomhphoist ó thríú páirtithe agus is féidir go gcuirfidh siad d'iarratas ar ceal. Ní thabharfaidh PAS eolas faoi iarratais ach don iarrthóir amháin agus ní thabharfaidh siad eolas do thríú páirtí.
- **Ainm Úsáideora agus Pasfhocal**
Tá sé tábhachtach go gcoinníonn tú d'ainm úsáideora agus do phasfhocal mar go mbeidh siad ag teastáil uait chun teacht ar do Bhord Teachtaireachtaí.
- Má athraíonn tú do sheoladh ríomhphoist nó uimhir do theileafón póca le linn an fheachtais earcaíochta seo, ba chóir duit logáil isteach ar chomhad publicjobs agus do phróifíl a cheartú chomh luath agus is féidir. Má tá sé riachtanach fógra a chur chugat i ríomhphost/téacs, cuirfear é chuig an seoladh ríomhphoist / uimhir theileafóin ar do phróifíl.
- **Bord Teachtaireachtaí Publicjobs**
Déanfar teagmháil le hiarrthóirí le linn an phróisis iarratais don chuid is mó ar líne. Cuirfidh PAS an chuid is mó de chumarsáid trí Bhord Teachtaireachtaí publicjobs. Moltar duit féachaint ar Chlár Teachtaireachtaí go rialta mar is féidir go n-aistreofaí fógraí ríomhphoist faoi shonraí nua/ tástálacha/ Agallaimh etc a chuirtear chuig Clár na d'Teachtaireachtaí chuig do chomhad ríomhphoist do Dhramhaíl/Turscar (nó 'Cur Chun Cinn' maidir le gmail). Moltar duit freisin féachaint ar na comhaid seo ar fad go minic.
- Má thugtar cuireadh duit chuig tástálacha / nó agallamh, is faoin iarrthóir féin a bheith ar fáil ar an dáta(i) a shonraíonn PAS.
- Ní bheidh an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí freagrach as cumarsáid nár oscail nó nach bhfuair an t-iarratasóir. Ní mór dóibh a chinntiú go bhféachann siad to rialta ar a mBord Teachtaireachtaí agus go bhfaigheann siad gach cumarsáid a chuireann PAS chucu.

Conas iarratas a Dhéanamh

Faigh eolas faoi phoist trí chliceáil ar an nasc ‘Garda Trainee 2018’ ar an leathanach baile de www.publicjobs.ie. Tá an doiciméad seo *Nótaí d’Iarrthóirí agus Coinníollacha Seirbhíse* ar fáil fosta sa phostáil poist a fhad is atá an comórtas fógartha. Moltar duit an doiciméad seo a choinneáil mar thagairt amach anseo.

Cliceáil an cnaipe '*Déan Iarratas Anois*' chun an fhoirm iarratais a fháil. Tá an cnaipe seo le fáil ag deireadh an leathanaigh do phostáil. Ní mór duit an fhoirm iarratais a líonadh go hiomlán agus cliceáil ar an cnaipe 'Cuir faoi Bhráid'.

Chomh luath agus a chuireann tú d'fhoirm iarratais isteach moltar duit filleadh ar do chuntas Poist Phoiblí agus a chinntiú go bhfuil sé curtha faoi bhráid tríd 'M'Iarratais'. Ag an staid seo ba chóir duit publicjobs.ie a chur le do liosta de dhaoine nó de theagmhálaithe sábháilte i do chuntas ríomhphoist chun nach gcuirfead cosc ar ríomhphost ó publicjobs.ie.

Mura bhfaigheann tú admháil go bhfuarthas d'iarratas taobh istigh de dhá lá oibre ó chuir tú d'iarratas isteach, cuir ríomhphost chuig gardatraine2018@publicjobs.ie. Ba chóir d'iarrthóirí fios a bheith acu go mbeidh tacaíocht ar fáil le linn uaireanta oifige go dtí an dáta dúnta.

Ní ghlacfar ach le hiarratais atá comhlíonta go hiomlán agus a chuirtear faoi bhráid i gceart san fheachtas. Má ligtear do dhuine iarratas a dhéanamh ar an fheachtas seo, nó má thugtar cuireadh do dhuine chuig aon ghné den phróiseas roghnaithe, ní hionann sin agus a rá go nglacann an tSeirbhís um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí leis go gcomhlíonann an duine sin na riachtanais ar fad.

Ní féidir le duine ach iarratas amháin a dhéanamh. Ba chóir duit d'uimhir PPS a chur isteach le linn duit iarratas a dhéanamh.

Monatóireacht Comhionannais

Tá an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí tiomanta do dheiseanna comhionannais de réir na nAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta (1998 go dtí 2011). Lena chinntiú go bhfuil an beartas éifeachtach, déanann an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí monatóireacht ar an phróiseas roghnaithe. Chun é seo a dhéanamh, cuirtear cúpla ceist faoi mhonatóireacht comhionannais isteach i staid na n-iarratas. Cé nach bhfuil iachall ar bith ort an fhoirm seo a líonadh, molaimid dár n-iarrthóirí cabhrú linn maidir le comhionannas a chinntiú agus an fhoirm a chomhlíonadh. Ní bheidh aon bhaint ag na freagraí a thugann tú ar conas a phléifead le d'iarratas.

Glacfar le foirmeacha iarratais go dtí an dáta:

3i.n. Déardaoin 6^ú Meitheamh 2018.
Moltar duit iarratas a dhéanamh tamall maith roimh an dáta dúnta ar eagla go mbeadh aon deacracht agat.

8. An Próiseas Roghnaithe

Réamhrá

Cuireann líon mór iarratasóirí isteach ar an chomórtas do Gharda faoi Oiliúint. Dá bharr sin, tá an próiseas roghnaithe do Gharda faoi Oiliúint an-chuimsitheach, agus bíonn ar iarratasóirí trialacha measúnaithe agus cleachtaidh éagsúla a dhéanamh trí staideanna roghnaithe éagsúla. Tá na trialacha agus na cleachtaidh deartha chun iarrthóirí a bheadh fóirsteanach le bheith ina nGardaí faoi Oiliúint a

shainaithe agus gur féidir go mbeadh siad ina mbaill fianaithe. Dá bhrí sin, ní rachaidh ach leis na hiarthóirí a fuair na torthaí is fearr ag gach staid ar aghaidh chuig an chéad staid eile den chomórtas. Socrófar an líon daoine a ghlaofar chuig gach staid den roghnú ó am go ham agus cuirfear an líon folúntas atá le líonadh san áireamh.

Déanfaidh an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí na chéad staideanna roghnaithe ar son Choimisinéir an Gharda. Cuirfear ainmneacha agus sonraí na n-iarratasóirí a n-éiríonn leo agus a chuirtear san ionad is airde ar an ord fiúntais tar éis na staideanna roghnaithe a rinne an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí ar aghaidh chuig an Gharda Síochána chun go bpléifear a thuilleadh leo.

Ní bheidh An Garda Síochána nó an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí freagrach as aon chostas a chuireann iarrthóirí orthu féin i dtaca leis an phróiseas roghnaithe a íoc ar ais.

Ceistneoir Féinmheasúnaithe roimh Post

Tá Ceistneoir réalaíoch Roimh Post san áireamh sa leabhrán seo (féach Aguisín A) agus ba chóir duit é a léamh sula ndéanann tú iarratas. Ní cuid den phróiseas iarratais é ach is duit féin é chun cabhrú leat a chocrú an bhfuil gairm sa Gharda Síochána fóirsteanach duit.

Modhanna Roghnaithe

Beidh ar iarrthóirí roinnt trialacha a dhéanamh chun a gcumas le bheith mar Gharda faoi Oiliúint a fháil amach. Cuirfear níos mó eolais faoi na modhanna roghnaithe m.sh. trialacha, cleachtaidh, srl., agus na dátaí cinnte d'iarratasóirí de réir mar a théann an próiseas ar aghaidh.

Is féidir go mbeidh na modhanna seo a leanas san áireamh chun iarrthóir a roghnú don phost seo:

- Ceistneoir(i) Measúnaithe
- Trialacha agus Cleachtaidh e.g. trialacha réasúnaithe agus inniúlachta
- Agalla(i)mh
- Triail(acha) teanga m.sh. sraith líofacht i nGaeilge
- Triail Cumais Fhísicigh
- Scrúdú Leighis
- Aon triail /cleachtadh eile a cheaptar atá cuí

Iarrthóirí faoi Mhíchumas


Beidh ar iarrthóirí a shonraíonn ina n-iarratais go bhfuil riachtanais speisialta acu tuairisc leighis nó ó shíceolaí a chur chuig PAS. Is é is cúis leis an tuairisc eolas a thabhairt do PAS chun gur féidir cóiríocht réasúnta a chur ar fáil más cuí.

Ba chóir na tuairiscí seo a chur chuig Chris Cuthbert ag chris.cuthbert@publicjobs.ie nó sa phost chuig Chris Cuthbert, An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí, 26-30 Sráid na Mainistreach Uachtarach, Baile Átha Cliath 1 roimh **am dúnta ar an 22 Feabhra 2018.**

Má rinne tú iarratas ar chomórtas ar bith le déanaí sa tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí is féidir go bhfuil do thuairisc ar comhad, déan teagmháil le Chris ag an seoladh ríomhphoist thuas lena dheimhniú.

Forbhreathnú faoi Phróiseas Roghnaithe an Gharda faoi Oiliúint

- Léiríonn an chart thíos an próiseas iarratais a bheidh ann d'iarrthóirí ma dhéanann siad iarratas ar na sraitheanna do Gharda faoi Oiliúint Ginearálta agus Líofacht i nGaeilge.



Dátaí Tábhachtacha

Dáta	Staid
3i.n. 6 ^ú Meitheamh	Dáta Dúnta
14 Meitheamh - 3 Iúil	Staid 1 - Measúnú ar Líne Cuid A - 14 - 20 Meitheamh Cuid B - 27 Meitheamh - 3 Iúil
Lúnasa / Meán Fómhair	Staid 2 Ionad Measúnaithe Ar dtús tabharfar cuireadh don ghrúpa is fearr ó Staid 1 chuig an Ionad Measúnaithe i dtús mhí Lúnasa. Tabharfar cuireadh do ghrúpaí eile ó am go ham de réir mar a bhíonn gá leis.
Mean Fómhair 2018	Staid 3 le tosú - Agallaimh agus measúnuithe eile.

Nótaí:

- (a) Déanfaidh an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí staidéanna 1 go 3 den phróiseas roghnaithe. Cuirfear iarrthóirí a cháilíonn tar éis agallaimh agus measúnuithe eile agus a bhaineann áit amach ar an ord fiúntais ar aghaidh do mheasúnú leis an Gharda Síochána.
- (b) **Sraith do Bhaill de Chúltaca an Gharda atá ag freastal**
Beidh próiseas iarratais éagsúil i gceist d'iarrthóirí do Shraith Bhaill de Chúltaca an Gharda seachas a bhfuil sonraithe sa Chur Síos den Phróiseas iarratais thuas. Beidh sé riachtanach freastal ar thrialacha faoi mhaoirseacht don chéad staid. Tabharfar sonraí sa bhreis díreach d'iarratasóirí níos cóngaraí don am.
- (c) De réir mar a théann iarrthóirí ar aghaidh tríd na staidéanna éagsúla den phróiseas, ní mór d'iarrthóirí a bheith ar fáil do dháta ar bith a thugtar dóibh mar gur féidir nach mbeifear in ann am eile a thabhairt.

Staid 1

Measúnú ar Líne (i dtaca le Sraitheanna Ginearálta agus líofacht i nGaeilge amháin).

Chun cabhrú le hiarrthóirí a bheith ar fáil agus maidir lena gcúinsí áirithe féin, déanfar Staid 1 den phróiseas roghnaithe ar líne agus beidh sé riachtanach freastal ar an Ionad Measúnaithe / Agallaimh níos moille. Tabharfar eolas cuimsitheach faoi gach staid roghnaithe d'iarratasóirí a bhí chun cuireadh a fháil chuig an staid sin den phróiseas ag an am cuí.

Ní bheidh maoirseacht i gceist maidir leis na trialacha tosaigh ar líne agus is féidir le hiarrthóirí iad a dhéanamh áit ar bith sa domhan, in ionad dá rogha féin, áit a bhfuil ríomhaire agus ceangal idirlíne maith ar fáil acu. Moltar na trialacha a dhéanamh ar PC nó ar Ríomhaire Glúine. Moltar d'iarratasóirí gan iarracht a dhéanamh an triail a dhéanamh ar smart phone, fón póca nó ar tháibléad.

Tabharfar rangú d'iarrthóirí de réir a bhfreagraí sna measúnuithe. Tabharfar cuireadh dóibh siúd is airde rangú chuig an chéad staid eile den phróiseas measúnaithe.

Staidéanna Eile don Phróiseas Roghnaithe

Tabharfar eolas níos cuimsithigh d'iarratasóirí ábhartha de reir mar a théann siad ar aghaidh sa phróiseas.

Áit le Tástálacha ar Líne a Dhéanamh

Ba chóir duit a bheith ar an eolas agus tú ag déanamh na dtrialacha seo ar ghréasáin TE slán m.sh. gréasán i d'áit oibre nó i gcoláiste gur féidir go bhfuil firewall nó teicneolaíocht cosanta eile i bhfeidhm a d'fhéadfadh deacrachtaí teicniúla a chruthú. Ba chóir duit smaoineamh ar do thrialacha a dhéanamh sa bhaile nó in áit eile nach bhfuil na srianta céanna ar an idirlíon. Is fútsa a chinntiú a bhfuil an t-idirlíon ar fad go hiomlán agat chun na trialacha a chomhlíonadh. Ba chóir d'iarrthóirí a chinntiú gur féidir leo na trialacha a chomhlíonadh in áit chiúin inar féidir leat díriú ar an obair agus gan aon rud ag cur isteach orthu le linn na dtrialacha.

Cé go gcomhlíonann iarrthóirí na trialacha measúnaithe ar líne gan mhaoirseacht, beidh orthu siúd a cháilíonn agus a chuirtear san ionad is airde ar an ord fiúntais trialacha dá leithéid a dhéanamh faoi mhaoirseacht níos moille sa phróiseas. Má tá toradh an iarrthóra sa triail faoi mhaoirseacht taobh amuigh de réimse na marcanna ón triail gan mhaoirseacht, is féidir go bhfágfar amach iad ón chéad staid eile den phróiseas roghnaithe.

Nasc chuig Staid 1 de Mheasúnuithe ar Líne

Roimh an dáta dúnta agus sula dtosaíonn Staid 1, cuirfear nasc chuig an triail mheasúnaithe ar líne trí ríomhphost chuig Bord Teachtaireachtaí na n-iarrthóirí roimh an am atá ar fáil don triail. Tuigtear go bhfaighidh iarrthóirí an chéad nasc (chuig Cuid A - Ceistneoir Measúnaithe) roimh an **14 Meitheamh 2018**. Cuirfear nasc sa bhreis (chuig Cuid B - trialacha Inniúlachta) roimh an **27 Meitheamh 2017** chuig iarrthóirí a chomhlíon Cuid A taobh istigh den am a tugadh.

Tú féin a ullmhú don phróiseas iarratais

Cuirfear ábhar taithíochta ar fáil roimh gach staid den mheasúnú. Bí ar an eolas nach bhfuil aon ullmhúchán ar leith i gceist do na trialacha measúnaithe agus nach bhfuil páipéir scrúdaithe roimhe seo ar fáil.

Cúrsaí Ullmhúcháin

Is mian le Coimisinéir an Gharda a rá nach bhfuil aon fheidhm nó aon bhaint ag an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí nó ag an Gharda Síochána le cúrsaí ullmhúcháin a bhaineann leis an phróiseas roghnaithe do ról an Gharda faoi Oiliúint a sholáthar nó a mholadh.

9. Triail Cumais Fhisicigh (PCT)

Ní mór d'iarrthóirí a bheith aclaí go haeróbach chun tabhairt faoi thraenáil go sábháilte agus ina dhiaidh sin na dualgais a thugtar dóibh a bhaint amach. Ní bheidh aon athrú ar leagan amach na trialach. **Má theipeann ar iarrthóir an leibhéal aclaíochta atá riachtanach a choinneáil le linn gach staid den oiliúint glacfar leis gur briseadh an conradh agus cuirfear críoch leis an chonradh dá bharr.**

Ní mór d'iarrthóirí dul faoi Thriail Cumais Fhisicigh. Tá físeán taispeántais agus eolas cuimsitheach faoin Triail Inniúlachta Fhisicigh ar fáil ar shuíomh gréasáin an Gharda <https://www.garda.ie/en/Careers/Why-should-I-join-An-Garda-Siochana/What-are-the-physical-requirements-.html>.

Tá maolú ag an Gharda Síochána faoi Chuid 5 den Acht Míchumais 2005.

10. Scrúdú Leighis

Má éiríonn le hiarratasóirí sa phróiseas suntasach grinnfhiosrúcháin a dhéanfaidh an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí chun a n-oiriúnacht ghinearálta a dheimhniú, agus Triail Inniúlachta Fhisicigh (PCT) a chomhlíonadh go rathúil, beidh ar iarratasóirí ar éirigh leo dul faoi scrúdú dian leighis a dhéanfaidh Liachleachtóir Cláraithe a ainmneoidh Coimisinéir an Gharda Síochána.

Má tá a fhios ag iarrthóirí go bhfuil fadhb(anna) sláinte reatha nó a bhí ann roimhe acu, tá sé RIACHTANACH aon tuairisc chliniciúil ábhartha ón dochtúir atá ag plé leis a bheith leo ar an lá. Cabhróidh seo leis an scrúdú leighis agus dá bharr sin le d'iarratas a chur chun cinn. Beidh ar iarrthóirí a sonraí teagmhála a ndochtúirí a thabhairt ar an lá chun cabhrú le teagmháil más gá:

Seo iad na riachtanais ghinearálta leighis:

- Sláinte mhaith intinne agus fhisiceach (ní mór stair iomlán leighis a thabhairt agus déanfar athbhreithniú air mar chuid den scrúdú leighis).
- Meáchan taobh istigh de na gnáth-theorainneacha (gan a bheith faoi mheáchan agus neamh-mhurtallach) (BMI idir 18.5 agus níos lú ná 25 de rogha). Cuirfear Faoi bhun an Mheáchain

(BMI<18.5) agus Rómheáchan (BMI> 25 agus <30) faoi mheas le bearta eile chun Otracht shuntasach a chur as an áireamh.

- Radharc na Súl - leibhéal maith amhairc (fad amhairc 6/18 ar a laghad sa dá shúil gur féidir a fheabhsú go dtí 6/9 agus 6/12 le gloiní nó le lionsaí tadhaill más gá).
- Éisteacht - éisteacht mhaith gan áis éisteachta.

Déanfar na trialacha seo thíos fosta ar an lá:

- Triail radhairc - Déanfar triail súl gan chuidiú ar an lá (ní mór gloiní/lionsaí a thógáil amach uair a chloig roimh an triail)
- Scrúdú éisteachta - cloghran aeir (gan chuidiú i.e. tástáil gan chabhair)
- Triail múin do ghnáth-scagadh cliniúil
- Buaicshreabhchairt de lámh
- Scrúdú brú fola agus frithbhualadh

Ní dhéanfar aon triail fola ar an lá.

Is féidir go gcuirfidh cúinsí sláinte leighis agus sláinte intinne réamhbheitheach agus a bhí ann cheana bac ar na caighdeáin leighis riachtanacha a bhaint amach ach déanfaidh an dochtúir scrúdaithe i gceist iad a mheas ó chás go cás; is féidir go mbeidh sé riachtanach tuairiscí sa bhreis nó soiléiriú a fháil ón dochtúir atá ag plé leis an iarrthóir.

11. Cáilitheacht

Má éiríonn le duine ag staid ar bith den phróiseas roghnaithe, ní hionann sin is a rá go gceapann Coimisinéir an Gharda Síochána go gcomhlíonann siad riachtanais iomlán an phoist, agus ní chinntíonn sé go nglacfar leo mar Gharda faoi Oiliúint.

De réir fhoráil Alt 5(2) de Rialacháin An Gharda Síochána (Admhálacha agus Ceapacháin) 2013, agus in ainneoin aon fhoráil eile de na Rialacháin seo, ní ligfidh an Coimisinéir duine isteach d'oiliúint mar bhall den Gharda Síochána agus go bhfuil sé beartaithe aige/aici é/í a cheapadh agus a chlárú mar bhall ina dhiaidh sin mura gceapann an Coimisinéir go bhfuil an duine fóirsteanach le tabhairt isteach mar sin.

Má éiríonn leat ag gach staid den phróiseas earcaíochta níl aon rathaíocht ann go dtabharfar tairiscint duit tús a chur le hoiliúint. Má theipeann ar iarrthóir eolas iomlán a thabhairt nuair a lorgaítear é ag gach staid den phróiseas iarratais, ní bheidh sé/sí i dteideal tosú ar oiliúint.

Tá sé tábhachtach dá bhrí sin, go dtuigeann tú go bhfuil sé de dhualgas ort a chinntiú go gcomhlíonann tú riachtanais cháilitheachta an chomórtais sula dtéann tú faoi mheasúnú. Mura gcomhlíonann tú na bunriachtanais iontrála seo agus má théann tú faoi agallamh dá ainneoin sin cuirfidh tú costas gan ghá ort féin.

Maidir le hiarrthóirí nach dtugann cibé fianaise a éilíonn an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí / An Garda Síochána i dtaca le haon ábhar a bhaineann lena n-iarrthóireacht, nó nach gcomhlíonann an tástáil(acha) roghnaithe éigeantach/Leighis ag an am(anna) agus san áit(eanna) a cheaptar, glacfar leis go bhfuil a n-iarrthóireacht tarraingthe siar ach amháin má shocraíonn an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí / An Garda Síochána dá rogha féin, a mhalairt.

Ní íoctar aon chostas a chuireann iarratasóirí a ghlacann páirt in aon cheann de na gnásanna roghnaithe orthu féin nuair a bhíonn siad i láthair d'oiliúint don chéad uair, as cistiú poiblí.

12. Garda faoi Oiliúint / Clár do Phromhóir

Is é an clár Garda faoi Oiliúint/Promhóir dúshraith na heagraíochta ó thaobh straitéis foghlama de, an dúshraith ar a mbunaítear gach foghlaim eile san eagraíocht.

Soláthraítear an clár oiliúna do Gharda faoi Oiliúint/Promhóir thar 104 seachtain as a mbaintear amach BA i bPóilíneacht Fheidhmeach. Sa chéad tréimhse de 34 seachtaine tá tréimhse ama de dhá sheachtain de laetha saoire i gColáiste an Gharda. Mairfidh an tréimhse oiliúna 32 seachtaine nó ar feadh tréimhse níos giorra nó níos faide ná sin de réir mar a shocróidh Coimisinéir an Gharda Síochána. Tarlaíonn an chuid eile den oiliúint go háirithe i Ranna an Gharda a roghnaítear agus bíonn tréimhsí ar leith oiliúna i gceist agus saoire bhliantúil san áireamh ag amanna ar leith. Soláthrófar an clár trí shlí foghlama atá bunaithe ar fhadhbanna. Le linn an chláir agus ina dhiaidh, bíonn oiliúnaithe faoi chonradh fostaíochta leis an Gharda Síochána.

Roinntear an oiliúint i dtrí staid;

Staid 1:

Maireann staid 1 34 seachtain móide dhá sheachtain de laetha saoire.

Le linn Staid 1 beidh an Garda faoi Oiliúint ina c(h)ónaí i gColáiste an Gharda, An Teampall Mór. Co. Thiobraid Árann - Luan go Aoine san áireamh. Íocfar liúntas oiliúna €184 sa tseachtain leo. Sínfidh an Garda faoi Oiliúint Conradh Oiliúna a bheidh bailí do Staid 1 den tréimhse oiliúna. Is féidir go sínfear an tréimhse oiliúna ar feadh tréimhse níos faide de réir mar a ordóidh Coimisinéir an Gharda. Nuair atá Staid 1 den oiliúint comhlíonta go rathúil beidh an Garda faoi Oiliúint fianaithe agus rachaidh sé/sí ar aghaidh chuig Staid II dá n-oiliúint. Beidh an Garda faoi Oiliúint ina Gharda ar Promhadh agus ceapfar é/sí mar bhall den Gharda Síochána.

Staid II:

Tá 34 seachtaine ar fad i Staid II.

Staid oibríochta is ea Staid II ina dtosóidh an Garda ar Promhadh nua oiliúint i réimse oibríochta i Stáisiún Garda a ainmnítear. Oibreoidh sé/sí in éineacht le Garda a shannfar dó/di chun cabhrú leis/léi. Beidh an Garda ar Promhadh ar chonradh agus ar thuarastal buan fostaíochta.

Staid III:

Tá Staid III iomlán gan ainm. Sa staid seo den oiliúint oibreoidh an Garda ar Promhadh go neamhspleách.

Seo iad na hábhair staidéir le linn na hoiliúna a mhairfidh dhá bhliain:

- Bunús na Póilíneachta, Gaeilge san áireamh
- Inniúlacht Ghairmiúil I
- Póilíneacht Coireanna & Eachtraí
- Póilíneacht le Pobail I
- Póilíneacht do Thrácht an Bhóithre I
- Róil agus Freagrachtaí i Stáisiún
- Sábháilteacht na nOifigeach agus an Phobail
- Inniúlacht Ghairmiúil II
- Póilíneacht Coireanna & Eachtraí II
- Póilíneacht le Pobail II
- Póilíneacht do Thrácht an Bhóithre II
- Róil agus Freagrachtaí i Stáisiún II
- Inniúlacht Ghairmiúil III
- An Dlí agus Cur Chuige
- Póilíneacht le Pobail III

Measúnú Acadúil agus Gairmiúil

Le linn an chláir beidh ar Ghardaí faoi Oiliúint/ ar Promhadh scrúduithe acadúla agus measúnú gairmiúil a dhéanamh. Tá sé éigeantach gach ábhar scrúdaithe agus measúnú gairmiúil a dhéanamh. Tá an Ghaeilge agus Aclaíocht Fhisiceach éigeantach sa chláir. Ní mór do Ghardaí faoi Oiliúint / ar Promhadh pas a fháil i ngach scrúdú agus measúnú le linn na staideanna éagsúla le dul ar aghaidh chuig deireadh an chláir. Ní mór do dhuine ar bith a dteastaíonn cóiríocht uatha maidir le foghlaim nó i dtaca le ceisteanna eile é sin a chur in iúl nuair a thagann siad chuig Coláiste an Gharda chun tús a chur le Staid 1 den oiliúint. Samplaí de na Cóiríochtaí a lorgáítear is ea Disléicse agus Diospraicse.

Ní mór d'iarthóirí a bheith ar an eolas gur gá do bhaill den Gharda Síochána oibriú i stáisiún nó ionad ar bith sa Stát de réir mar a shocraíonn an Coimisinéir.

13. Conradh

Tá coinníollacha seirbhís Oiliúnaí rialaithe ag an chonradh a rinneadh idir Choimisinéir an Gharda agus an tOiliúnaí. Tá an sannadh oiliúna sealadach agus mairfidh sé 32 seachtaine nó ar feadh tréimhse níos giorra nó níos faide ná sin de réir mar a shocróidh Coimisinéir an Gharda Síochána.

Beidh oiriúnacht an Oiliúnaí i dtaca le gach gné de leanúint ar aghaidh leis an tréimhse oiliúna faoi athbhreithniú le linn na tréimhse promhaidh.

Is féidir an sannadh a chur ar ceal:

- (a) is féidir le ceachtar taobh an sannadh a chur ar ceal de réir an Achta um Fhógra Íosta agus Téarmaí Fostaíochta, 1973 go dtí 1991 **nó**
- (b) má shocraíonn an Coimisinéir é a dhéanamh
 - (i) má shocraíonn sé/sí nach bhfuil an tOiliúnaí ábalta go fisiceach nó ón taobh intinne de dualgais mar bhall den Gharda Síochána a chomhlíonadh nó nach bhfuil an chosúlacht ann go mbeidh sé/sí ina b(h)all éifeachtach agus dea-iompartha den Gharda Síochána;
 - (ii) má cheapann sé/sí am ar bith nach bhfuil an t-oiliúnaí fóirsteanach d'fhostaíocht leanúnach mar Oiliúnaí mar gheall ar mhí-iompar.
 - (iii) am ar bith má cheapann sé/sí go bhfuil an tOiliúnaí ina c(h)ónaí sa stát nó má fuarthas an teidlíocht a bheith ina chónaí sa Stát go mídhleathach nó in aghaidh an dlí.

Ní chuirfear seirbhís mar Oiliúnaí san áireamh d'focaíocht nó do phinsean má éiríonn leis an Oiliúnaí a bheith ina bhall den Gharda Síochána agus ní thugann sé aon teidlíocht d'aoisliúntas nó aisce nuair a chríochnaíonn an sannadh.

Críochnóidh an sannadh nuair a cheapfar é/í mar bhall den Gharda Síochána. Sa chás nach nglactar leis an Oiliúnaí mar Bhall den Gharda Síochána ag deireadh na tréimhse sannta, críochnóidh an sannadh go huathoibríoch.

14. Coinníollacha Seirbhíse

Cód Eitice

I sochaí daonlathach is é ról na bpóilíní an sochaí a chosaint agus freastal air, an tsíocháin a choinneáil, an dlí a chur i bhfeidhm agus sábháilteacht an phobail a chinntiú. Chun é seo a dhéanamh, ní mór do mbeadh muinín ag an phobal a mbíonn siad ag freastal air sa Gharda Síochána. Gheobhaidh siad agus coinneoidh siad an muinín sin má ghníomhaíonn siad agus go bhfeictear go ngníomhaíonn siad faoin dlí agus go gcuireann siad an dlí i bhfeidhm go cothrom le daoine eile. Do dhuine ar bith atá ag obair sa Gharda Síochána seo an bunús do gach geallúint eile.

Ráiteas is ea Cód Eitice an Gharda Síochána de riachtanais eitice do gach duine atá ag obair sa Gharda Síochána agus léiriú soiléir don phobal den ghnáth-iompar gur chóir dóibh a fháil. Gairm onórach is ea an phóilíneacht agus bíonn an pobal ag súil le caighdeán iompar agus chleachtais den scoth i dtaca leis. Ní mór do gach ball den Gharda Síochána cloí go hiomlán leis an Chód Cleachtais le muinín agus tacaíocht an phobail a chinntiú. Beidh ort gealltanais fhoirmiúil den Chód Cleachtais a shíniú nuair a théann tú isteach sa Gharda Síochána. Tá tuilleadh eolais ar fáil anseo

<https://www.garda.ie/en/about-us/publications/policy-documents/code-of-ethics-english-1-5-18.pdf>

Tástáil DNA

Ba chóir d'iarrthóirí fios a bheith acu go bhfuil An Garda Síochána faoi réir ag forálacha an Achta um Cheartas Coiriúil (Fianaise Fhóiréinseach & Córas Bunachar Sonraí DNA) 2014.

Deimhníonn Alt 41 den Acht go dtógfear Samplaí DNA ó Ghardaí faoi Oilíúint a thosaigh a n-oiliúint i gColáiste an Gharda tar éis tosú an Achta ar an 20 Samhain 2015.

Sonraíonn Alt 41 4(c) den Acht um Cheartas Coiriúil (Fianaise Fhóiréinseach agus Córas Bunachar Sonraí DNA) 2014 **'úsáidfean an sampla chun próifíl DNA den duine a chruthú le cur isteach san innéacs díbeartha (Garda Síochána) de Chóras Bunachar Sonraí DNA agus éifeacht iontráil dá leithéid'**.

Is é is cúis le samplaí dá leithéid a thógáil, i dtaca le coireanna a fhiosrú, a fháil amach cé acu ar éilligh an duine sin sampla de shuíomh coire.

Uaireanta Oibre

Beidh uaireanta oibre ag brath ar riachtanais an chláir oiliúna.

Dualgais

Cibe oiliúint nó obair a shocróidh Údaráis an Gharda ó am go ham.

Saoire Bhliantúil

"Beidh baill den Gharda Síochána in aicme an gharda i dteideal 34 lá saoire (lena n-áirítear laetha saoire poiblí agus Aoine an Chéasta) agus beidh teidlíocht pro rata do thréimhse seirbhíse níos lú ná bliain amháin. Do bhaill ar dualgas oibríochta, is gnáth-laetha oibre saoire poiblí agus Aoine an Chéasta ach amháin má shocraítear gur lá scíthe iad.

Disciplín

Ní mór gach ordú dleathach, a thugtar i scríbhinn nó ó bhéal ó dhaoine a bhfuil údarás acu a chomhlíonadh. Ní mór d'Oiliúnaí cloí i gcónaí leis an chaighdeán iompair agus disciplíneach caighdeánach agus ní mór dó/di an *'Lámhleabhar do Gharda faoi Oilíúint agus ar Promhadh'* a staidéar agus cloí leis na forálacha ann. Má sháraítear aon cheann de na forálacha sa Chód is féidir go dtabharfar rabhadh duit nó is féidir go gcuirfean an sannadh ar ceal.

Saoire Bhreiteachta

Tar éis trí mhí d'oiliúint - íocfar na liúntais iomlána do oiread agus ceithre sheachtain.

Baintear méid na sochar atá iníoctha faoi na hAchtanna Leasa Shóisialaigh de na híocaíochtaí seo le linn na breiteachta.

Éide agus Fearas

Is leis an Gharda Síochána i gcónaí an éide agus an fearas a thugtar don Oiliúnaí. Beidh an tOiliúnaí freagrach as a chúram agus ní mór dó/di é a thabhairt ar ais nuair is gá. Ní cead é a úsáid ach do chúiseanna údaraithe agus beidh ar an Oiliúnaí aon táille a ghearrtar de bharr nithe a chailltear nó a ndéantar damáiste dóibh a íoc.

Tatúnna

Ní cheadaítear tatúnna ar an aghaidh, nó atá le feiceáil os cionn an choiléir. Chun íomhá ghairmiúil a choinneáil, ní mór gach tátú eile a chlúdach.

Fostaíocht Sheachtrach

Post lán-aimseartha atá ann agus níl cead ag an Oiliúnaí a bheith páirteach nó ceangailte le gnó nó le gníomhaíocht ar bith taobh amuigh a chuirfeadh as do chomhlíonadh a c(h)uid dualgas.

15. Pá agus Liúntais

Socraíonn an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i gcomhar leis na páirtithe cuí an íocaíocht do gach seirbhíseach poiblí. Tá na rátaí agus na liúntais íocaíochta táscach agus dá bharr sin is féidir go n-athróidh siad.

Tabharfar íocaíocht de €184 sa tseachtain do Gharraí faoi Oiliúint ar feadh na 32 seachtaine roimh fianú. Cuirtear cóiríocht agus bia ar fáil i gColáiste an Gharda.

Fianaítear Gardaí faoi Oiliúint tar éis 32 seachtaine agus cuirtear iad ar an chéad pointe de scála tuarastail €29,699. Ardaíonn an scála in incrimintí go dtí €48,271 sa bhliain tar éis 8 mbliana agus bíonn dhá incrimint eile tar éis seirbhís 13 bliana agus 19 mbliana a fhágann gurab é €51,963 sa bhliain an tuarastal tar éis 19 mbliana (rátaí 1 Eanáir 2018). Is féidir go n-íocfar liúntais eile, as uaireanta míshóisialta mar shampla chomh maith le ragobair.

Beidh ar iarrthóirí nach mbaineann an caighdeán riachtanach amach le dul ar aghaidh chuig gach Staid, an Modúl / Staid a dhéanamh arís, de réir mar a tharlaíonn go hiomlán. Má theipeann ar Oiliúnaithe an caighdeán chun dul ar aghaidh a bhaint amach tar éis an deis a fháil na trialacha a dhéanamh uair amháin eile de réir Rialacháin Acadúla Choláiste an Gharda le linn aon Mhodúl/Staid, ceapfar nach bhfuil sé/sí fóirsteanach do ghairm sa Gharda Síochána.

16. Cód Cleachtais

Stiúrfaidh Coimisinéir an Gharda agus an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí an comórtas do Gharda faoi Oiliúint de réir Chód Cleachtais an Choimisiúin um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí (CCSP) do Cheapachán i bPoist ina bhfuil Dualgais Reachtúla ag an Choimisinéir

Tá an comórtas seo á reáchtáil faoi Chód Cleachtais an CCSP - Ceapacháin i bpoist ina bhfuil dualgais reachtúla ag Coimisinéir an Gharda. Sonraíonn an Cód Cleachtais na céimeanna chun déileáil le hiarratais ó iarrthóirí maidir le hathbhreithniú agus le gearáin ó iarrthóirí maidir leis an phróiseas ceapacháin. Ba chóir ceisteanna a bhaineann le Staid 1,2 agus 3 den phróiseas a chur chuig an POF, An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí agus ba chóir ceisteanna a bhaineann le staideanna eile a chur chuig Coimisinéir an Gharda, Ceannteathrú an Gharda, Páirc an Fhionnuisce, Baile Átha Cliath 8.

Léirítear na prionsabail seo a leanas sna cóid chleachtais:

- Ionracas
- Fiúntas
- Dea-chleachtas
- Cothromaíocht agus Comhsheasmhacht
- Oscailteacht, Freagracht agus Trédhearcacht

De réir an Chód Cleachtais tá dualgas ar an Gharda Síochána agus ar an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí:-

- deis réasúnach a chur ar fáil do na hiarrthóirí incháilithe uile chun iarratas a dhéanamh ar an bpost
- cinnte a dhéanamh de go mbíonn na riachtanais cháilitheachta iomchuí do dhualgais agus do riachtanais an phoist
- Déileáil go cothrom, cóir agus ar bhealach comhionann leis na hiarrthóirí uile, agus a chinntiú go gcaitear lena n-iarratas faoi rún daingean
- iarrthóirí a roghnú de réir fiúntais trí bhíthin teicnící iontaofa, oibiachtúla agus iomchuí roghnóireachta
- cinnte a dhéanamh de go bhfuil an saineolas iomchuí i measc na gcomhaltaí boird atá i mbun iarrthóirí a roghnú
- Cloí le gach píosa reachtaíochta cuí, mar shampla maidir le Comhionannas, le Dlí na Fostaíochta, le Cosaint Sonraí, le Saoráil Faisnéise
- meicníocht achomhairc agus athbhreithnithe a sholáthar.

Próiseas Athbhreithnithe

Cuid 7

Is féidir le hiarrthóir athbhreithniú a lorg má tá sé/sí míshásta le cinneadh nó gníomh a rinne an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí (PAS). Déanfaidh an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí iarratais ar athbhreithniú a mheas de réir fhorálacha **Alt 7** na gCód Cleachtais - *Ceapacháin i bPoist ina bhfuil dualgas reachtúla ag Coimisinéir an Gharda* atá foilsithe ag an gCoimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí (Coimisiún). Nuair a dhéantar iarratas ar athbhreithniú ní mór don iarrthóir na fíricí a cheapann siad a thaispeánann go raibh an gníomh nó cinneadh a rinneadh mícheart a chur i láthair. Is féidir go ndiúltófar iarratas ar athbhreithniú murar féidir leis an iarrthóir fíricí a chur i láthair maidir lena gcás.

Molann an Coimisiún má tá an t-iarrthóir sásta, sa chás go gceapann an duine sa phost (Príomhoifigeach Feidhmiúcháin PAS sa chás seo) gur féidir an cheist a réiteach gur chóir tabhairt faoi ar bhonn neamhfhoirmiúil, sula dtugtar faoi trí athbhreithniú foirmiúil.

Tá na Cóid Chleachtais ar fáil ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí ag www.cpsa-online.ie

Nós imeachta d'Athbhreithniú Neamhfhoirmiúil

- Ní mór iarratas ar Athbhreithniú Neamhfhoirmiúil a dhéanamh taobh istigh de 5 lá oibre ó fuarthas toradh an chinnidh, agus de ghnáth ba chóir go dtarlódh sé idir an iarrthóir agus ionadaí de chuid PAS a raibh baint mhór aige/aici leis an phróiseas roghnaithe.
- Sa chás go mbaineann an cinneadh le staid eatramhach den phróiseas roghnaithe, caithfear an t-iarratas ar athbhreithniú neamhfhoirmiúil a fháil laistigh de 2 lá oibre ón dáta a bhfuarthas an cinneadh.
- Sa chás go bhfuil an t-iarrthóir míshásta fós tar éis díospóireacht neamhfhoirmiúil, is féidir leis/léi tabhairt faoin mhodh oibre thíos.
- Más mian leis an iarrthóir go bpléifí leis an cheist trí athbhreithniú foirmiúil, ní mór dó/di é sin a dhéanamh laistigh de 2 lá oibre ón dáta ar fógraíodh an t-athbhreithniú neamhfhoirmiúil.

Nós imeachta d'Athbhreithniú Foirmiúil den Phróiseas Roghnaithe

- Ní mór don iarrthóir a g(h)earán maidir leis an phróiseas a chur i scríbhinn chuig an Phríomhfheidhmeannach ag léiriú na bhfíricí a thaispeánann go raibh gníomh nó cinneadh mícheart.

- Ní mór gearán nó iarratas ar athbhreithniú a dhéanamh laistigh de 10 lá oibre tar éis fhógra an chéad chinnidh. Sa chás go mbaineann an cinneadh le céim eatramhach den phróiseas earcaíochta, ní mór an t-iarratas a fháil laistigh de 4 lá oibre.
- Ní féidir síneadh ar na teorainneacha ama seo a cheadú ach amháin i gcás imthosca atá neamhchoitianta ar fad agus is é an Príomhfheidhmeannach amháin a dhéanfaidh an cinneadh, mar is toil leis.
- Ní foláir an toradh a chur in iúl don iarrthóir laistigh de 25 lá oibre tar éis an gearán nó an t-iarratas ar athbhreithniú a fháil.

Cuid 8

Is féidir le hiarrthóir iarratas a dhéanamh ar athbhreithniú a dhéanfaidh Coimisinéir an Gharda má tá siad míshásta le gníomh nó cinneadh a rinneadh i dtaca lena n-iarrthóireacht maidir leis na gnéithe sin den phróiseas earcaíochta agus roghnaithe a rinne An Garda Síochána. Nuair a dhéantar iarratas ar athbhreithniú ní mór don iarrthóir na fíricí a cheapann siad a thaispeánann go raibh an gníomh nó cinneadh a rinneadh mícheart a chur i láthair. Is féidir go ndiúltofar iarratas ar athbhreithniú murar féidir leis an iarrthóir fíricí a chur i láthair maidir lena gcás.

Nós imeachta d'Athbhreithniú Neamhfhoirmiúil

- Ní mór iarratas ar Athbhreithniú Neamhfhoirmiúil a dhéanamh taobh istigh de 5 lá oibre ó fuarthas toradh an chinnidh, agus de ghnáth ba chóir go dtarlódh sé idir an iarrthóir agus ionadaí de chuid PAS a raibh baint mhór aige/aici leis an phróiseas roghnaithe.
- Sa chás go mbaineann an cinneadh le staid eatramhach den phróiseas roghnaithe, caithfear an t-iarratas ar athbhreithniú neamhfhoirmiúil a fháil laistigh de 2 lá oibre ón dáta a bhfuarthas an cinneadh.
- Sa chás go bhfuil an t-iarrthóir míshásta fós tar éis díospóireacht neamhfhoirmiúil, is féidir leis/léi tabhairt faoin mhodh oibre thíos.
- Más mian leis an iarrthóir go bpléifí leis an cheist trí athbhreithniú foirmiúil, ní mór dó/di é sin a dhéanamh laistigh de 5 lá oibre ón dáta ar fógraíodh an t-athbhreithniú neamhfhoirmiúil.

Nós imeachta d'Athbhreithniú Foirmiúil den Phróiseas Roghnaithe

- Ní mór don iarrthóir a g(h)earán maidir leis an phróiseas a chur i scríbhinn chuig Coimisinéir an Gharda ag léiriú na bhfíricí a thaispeánann go raibh gníomh nó cinneadh a rinneadh mícheart.
- Ní mór gearán nó iarratas ar athbhreithniú a dhéanamh laistigh de 10 lá oibre tar éis fhógra an chéad chinnidh. Sa chás go mbaineann an cinneadh le céim eatramhach den phróiseas earcaíochta, ní mór an t-iarratas a fháil laistigh de 4 lá oibre.
- Ní féidir síneadh ar na teorainneacha ama seo a cheadú ach amháin i gcás imthosca atá neamhchoitianta ar fad agus is é an Príomhfheidhmeannach amháin a dhéanfaidh an cinneadh, mar is toil leis/léi.
- Ní foláir an toradh a chur in iúl don iarrthóir laistigh de 25 lá oibre tar éis an gearán nó an t-iarratas ar athbhreithniú a fháil.

Cuid 9

Is féidir go gceapann iarrthóir gur bhris an ceadúnaí (an Príomhfheidhmeannach, An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí nó Coimisinéir an Gharda) an Cód Cleachtas a chuir isteach d'ionracas an chinnidh a rinneadh sa phróiseas ceapacháin. Is féidir leis/léi i iarraidh go bhfiosrófaí an scéal faoi **Alt 9** den Chód. Tríd an phróiseas gearáin is féidir le hiarrthóir(i) (nó daoine a d'fhéadfadh a bheith ina n-iarrthóirí) gearán a dhéanamh ar dtús chuig an cheadúnaí agus chuig an Choimisiún ina dhiaidh sin ar achomharc sa chás go bhfuil siad míshásta fós.

Ní mór don ghearánaí na fíricí a cheapann siad a léiríonn go raibh an próiseas mícheart a chur i láthair. Ní mór don ghearánaí an ghné den Chód a cheapann siad a sáraíodh a shainiú agus aon doiciméad ábhartha a chabhródh lena líomhain a chur leis. Is féidir go gcaithfear amach gearán murar féidir leis an ghearánaí tacaíocht a thabhairt dá líomhaintí trí thaispeáint conas nár chomhlíon an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí nó An Garda Síochána prionsabail an Chóid seo.

Iarratais ar Aiseolas/Torthaí Trialacha a Athscrúdú

Tá aiseolas maidir leis an phróiseas roghnaithe ar fáil má lorgaítear é. Níl aon tréimhse ama ar leith i gceist maidir le haiseolas a fháil maidir le hath-scrúdú.

Tabhair faoi deara gur próiseas éagsúil an Próiseas Athbhreithnithe mar atá leagtha amach sa Chód Cleachtas agus go bhfuil tréimhse ama ar leith gur gá cloí leis i gceist. Ní gá d'iarrthóir cás mionsonraithe a chur le chéile sula gcuirtear tús le hachomharc. Ní féidir an tréimhse ama atá leagtha amach i gCód an CPSA a shíneadh ar chúis ar bith, lena n-áirítear aiseolas agus/nó torthaí ath-scrúduithe.

Dualgais na nIarrthóirí:

Ní mór d'iarrthóirí:

- An t-eolas agus an cumas dualgais an phoist a chomhlíonadh
- A bheith fóirsteanach ó thaobh dea-cháil de.
- A bheith fóirsteanach don cheapachán ar gach slí;

agus má éiríonn leo, ní cheapfar iad ach mar seo:

- Aontaíonn siad dualgais an phoist a chomhlíonadh agus glacann siad leis na coinníollacha a bhaineann le, nó a d'fhéadfadh a bheith bainteach le, dualgais an phoist a chomhlíonadh;
- go bhfuil siad iomlán inniúil agus go dtuigeann siad go hiomlán, dualgais an phoist.

Níl sé ceadmhach:

- eolas bréagach a thabhairt go feasach nó go meargánta
- duine ar bith a chanbhasáil, le haslú nó gan aslú
- ag iarrthóirí baint den bpróiseas ar aon bhealach nó cur as dó.

Níl cead ag tríú páirtí iarrthóir a phearsanú ag aon staid den phróiseas.

Ba chóir d'iarratasóirí a bheith ar an eolas go bhfuil duine ar bith a fhaightear ciontach i bPearsanú dlite d'fhíneáil agus /nó do phríosúnacht. Má dhéanann iarratasóir ar bith iarracht go díreach nó go hindíreach tionchar a imirt trí chanbhasáil i dtaca lena (h)iarratas, dícháileofar é/í ón chomórtas.

Aon duine a sháróidh na forálacha thuas, nó a chuideoidh le duine éigin eile na forálacha thuas a shárú, tá sé/sí ciontach i gcion. Dlífear fíneáil nó príosúnacht, nó iad araon, a chur ar dhuine a gheobhar ciontach i gcion.

Ina theannta sin, i gcás gur iarrthóir i bpróiseas earcaíochta a bhí nó atá sa duine a fuarthas ciontach i gcion:

sa chás nár ceapadh é/í i bpost, dícháileofar é/í mar iarrthóir, agus sa chás gur ceapadh é/í i bpost tar éis an phróisis earcaíochta i gceist, forghéilfidh sé/sí an ceapachán sin

17. Rúndacht maidir le hEolas agus Ábhair

Ní mór a chuimhneamh go bhfuil próiseas iomaíoch i gceist don phost agus go bhfuil ionracas fíorthábhachtach. Is féidir go ndícháileofar duine ón chomórtas mar gheall ar ábhar scrúdaithe a roinnt le duine eile m.sh. trí na meáin shóisialta nó ar shlí ar bith eile.

Tá gach triail agus ábhar trialach faoi réir ag cóipcheart agus tá cosaint ar gach ceart. Ní féidir aon chuid den ábhar measúnaithe (aon téacs san áireamh agus nó roghanna a d'fhéadfadh a bheith ann do fhreagraí) nó ábhar bainteach, lena n-áirítear ábhar cleachtaidh agus/nó taithíochta a atáirgeadh nó a chraoladh i bhfoirm ar bith nó trí mhodh ar bith lena n-áirítear modh leictreonach nó meicniúil, fótachóipeáil, priontáil, taifeadadh, scríofa nó eile, ag staid ar bith. Is coir é a dhéanamh agus is

féidir go bhfágfaí as an phróiseas roghnaithe thú dá bharr. Má bhriseann duine ar bith an fhoráil seo, nó má sé/sí chuidíonn le duine(daoine) eile an fhoráil seo a bhriseadh, is féidir go gcuirfí an dlí agus / nó agra dlí air/uirthi as cailteanas cóipchirt nó maoin intleachtúil.

18. Fearas Taifeadta a Úsáid

Ní cheadaíonn PAS aon fhearas taifeadta a úsáid gan chead ina bhfoirgneamh. Baineann sin le taifeadadh fuaime ar bith nó pictiúir shocair nó taifeadadh físeáin de chineál ar bith cé acu an bhfuil taifeadadh fuaime i gceist nó nach bhfuil agus tá gach cineál feiste a úsáidtear don chuspóir sin i gceist.

Ní mór do dhuine ar bith gur mian leis/léi fearas dá leithéid a úsáid do cheann ar bith de na cúiseanna seo cead scríofa a lorg roimh ré. Tá an polasaí seo i bhfeidhm chun príobháideacht na mball foirne agus na gcustaiméirí a chosaint chomh maith le hionracas an ábhair mheasúnaithe agus na bpróiseas measúnaithe.

Duine ar bith a úsáideann fearas taifeadta mar seo gan chead, tá sé/sí ag sárú an pholasaí seo. Is féidir iarrthóir ar bith a dhéanann sárú dá leithéid a dhícháiliú ón chomórtas agus d'fhéadfaí é/í a ionchúiseamh faoi alt 55 den Acht um Bainistíocht Seirbhíse Poiblí (Earcaíocht agus Ceapacháin) 2004.

19. Na hAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 agus 2003

Nuair a thagann foirm iarratais isteach cruthaítear cuntas ríomhaire, faoi ainm an iarrthóra, ina mbeidh go leor den eolas pearsanta a soláthraíodh. Ní úsáidtear an cuntas pearsanta seo ach amháin le d'iarratas a phróiseáil agus má éiríonn leat cuirfead roinnt eolais a sholáthair tú ar aghaidh chuig an Garda Síochána. Má bhaintear úsáid as tríú páirtí chun d'iarratas a phróiseáil, is féidir go mbeidh sé riachtanach eolas a thabhairt dóibh agus déanfar gach iarracht a chinntiú go bhfuil na sonraí slán. Beidh sé riachtanach do chuid eolais a roinnt idir an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí agus na páirtithe seo chun d'iarratas a phróiseáil.

Coinnítear eolas dá leithéid de réir na gcearta agus na n-oibleagáidí atá leagtha amach sna hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 & 2003 agus ón 25 Bealtaine beidh siad faoi réir ag forálacha sna Rialacháin Ghinearálta um Chosaint Sonraí (GDPR).

Baintear míreanna áirithe eolais, nach mbaineann le duine ar bith faoi leith, as cuntais ar chúiseanna ginearálta staitistiúla.

Más mian leat iarratas a dhéanamh faoi na hAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 & 2003, agus tar éis an 25 Bealtaine an GDPR,

Maidir leis an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí: cuir d'iarratas i ríomhphost chuig: dpo@publicjobs.ie, bí cinnte go ndéanann tú cur síos suntasach ar na taifid a theastaíonn uait chun gur féidir linn na taifid chúí a shainnithint.

An Comhordaitheoir um Chosaint Sonraí,
An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí
Áras na Caibidle, 26-30 Sráid na Mainistreach Uachtarach,
Baile Átha Cliath 1

Maidir leis an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí: cuir d'iarratas i scríbhinn chuig:

An Comhordaitheoir um Chosaint Sonraí,
An Biúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin
Bóthar na Rásaí,
Dúrlas Éile,
Co. Thiobraid Árann


Cinntigh go ndéanann tú cur síos suntasach ar na taifid a theastaíonn uait chun gur féidir linn an taifea(i)d cuí a shainnithint.

AGUISÍN A - Ceistneoir Féinmheasúnaithe

Spreagann an ceistneoir gearr seo thú chun athbhreithniú a dhéanamh ar conas a shásaíonn do cháilíochtaí, ábhair spéise, scileanna agus taithí riachtanais dhúshlánacha Gharda faoi Oiliúint.

Léigh na ráitis thíos, le do thoil, agus déan cinneadh ar an bhfreagairt is fearr a thugann le fios a mhéid a chomhaontaíonn nó a easaontaíonn tú le gach ráiteas. Ní bheidh an ceistneoir seo mar chuid den phróiseas roghnaithe in aon chor agus spreagtar thú chun breithniú a dhéanamh ar gach ráiteas sula leanann tú ar aghaidh le d'iaratas.

An BHFÉADFÁ:



- Oibriú i ról ina bhfuil an-éagsúlacht
- Pacáistí agus bogearraí TE a úsáid go muiníneach
- Réimse Scileanna Nua a fhorbairt gur féidir leat a úsáid i do ról
- Insint do thuismitheoir gur maraíodh a bpáiste
- Castacht na reachtaíochta cuí a thuiscint agus á chur i bhfeidhm i do ról
- CPR a dhéanamh ar dhuine atá gortaithe go dona
- Leibhéal maith aclaíochta a choinneáil
- Reachtaíocht nach n-aontaíonn tú féin leis a chur i bhfeidhm

- Duine a bhfuil a fhios agat atá ionraic agus macánta ach a bhris an dlí, a ghabháil
- Tascanna a thugtar duit a dhéanamh ach nach maith leat a dhéanamh ar chor ar bith
- Déileáil le cuid mhór fola agus le gortuithe tromchúiseacha eile
- A thuiscint agus tú ag obair sa phost go mbeidh ort déileáil lena lán rudaí diúltacha, coiriúlacht agus fulaingt ach gur gá duit meon dearfach a choinneáil
- Greim a bhreith ar dhuine atá ag troid in aghaidh a g(h)abhála

- Oibriú le heagraíocht amháin le linn na gairme ar fad
- Caidreamh maith oibre a chothabháil le do chomhghleacaithe
- Ordú dleathach a d'fhéadfadh thú a chur i mbaol a chomhlíonadh
- Dea-chaidreamh a chothabháil leis an phobal
- Corp a chuardach chun aitheantas a fháil
- A bheith suaimhneach fiú amháin má thugann duine cúis mhaith feirge duit
- A bheith mar chéad theagmhálaí do dhuine a ndeamadh ionsaí gnéis air/uirthi

- D'aitheantas Garda a bheith leat i gcónaí fiú amháin nuair nach bhfuil tú ar dualgas
- Dea-chaidreamh a chothabháil leis an phobal ina bhfuil tú ag obair
- A bheith ag obair le linn laetha saoire, an Nollaig, an Cháisc Deireadh na Seachtaine san áireamh Deireadh Seachtaine san áireamh
- A thuiscint nach dtabharfar ardú oéime tríd na gráid do gach duine a fhaigheann post mar Gharda
- Déileáil le ceisteanna báis agus beatha, uaireanta ar bhonn laethúil

- Glacadh le hobair seala an Gharda Síochána, a chiallaíonn go mbeidh ort oibriú le linn na hoíche ar fad, nach ionnann le ról áirithe, níl cead codladh agus tú ar dualgas
- Gan a bheith buartha faoi nuacht dhiúltach agus faoi cháineadh éagórach
- A thuiscint fiú amháin i súiomhanna sóisialta, gur féidir go gcuirfeadh thú in aithne do dhaoine mar Gharda agus go mbeidh tuairim ag daoine áirithe fút láithreach

- Duine a ghabháil in áit phoiblí nuair a d'fhéadfaí go dtaifeadfaí thú ar theileafón póca
- Gan a bheith buartha agus do dhualgais a chomhlíonadh, fiú amháin faoi chúinsí an-difriúla
- A thuiscint go mbeidh do chlann/cairde buartha fút agus faoin ghairm a roghnaigh tú
- Dul ar dualgas stádair
- Cabhair agus cuidiú a thabhairt do dhaoine a dteastaíonn sé uathu
- Difríocht mhór a dhéanamh do shaol dhaoine eile